Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022**
**(OR. en)**

**7618/22**

**CDR 41**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar beirt chomhaltaí agus cúigear comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Portaingéile, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. Le litreacha an 4 Feabhra 2021, agus an 19 agus an 20 Deireadh Fómhair 2021, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle gur chaill na daoine siúd a leanas a sainorduithe: Fernando Medina Maciel ALMEIDA CORREIA agus José Maria DA CUNHA COSTA, comhaltaí de Choiste na Réigiún, agus Pedro Miguel AMARO DE BETTENCOURT CALADO, Rui Miguel DA SILVA ANDRÉ, Luís Manuel DOS SANTOS CORREIA agus Paulo Jorge FRAZÃO BATISTA DOS SANTOS, comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún[1].

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar mholtaí arna ndéanamh ag an mBallstát faoi seach.

[1] 6809/21, 13163/21 agus 13166/21.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun Fernando Medina Maciel ALMEIDA CORREIA agus José Maria DA CUNHA COSTA a ionadú, mhol Rialtas na Portaingéile[2] na hionadaithe seo a leanas ar chomhlachtaí áitiúla, a bhfuil sainordú toghchánach údaráis áitiúil acu, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Luís Miguel CORREIA ANTUNES, *Presidente da Câmara Municipal da Lousã* (Méara Lousã) (bhí sé ina chomhalta malartach roimhe seo don tréimhse 2020-2025 agus dá bhrí sin beidh suíochán comhalta malartaigh breise folamh tar éis dó a bheith ceaptha mar chomhalta), agus José Manuel PEREIRA RIBEIRO, *Presidente da Câmara Municipal de Valongo* (Méara Valongo).

4. Chun Pedro Miguel AMARO DE BETTENCOURT CALADO, Luís Miguel CORREIA ANTUNES, Rui Miguel DA SILVA ANDRÉ, Luís Manuel DOS SANTOS CORREIA agus Paulo Jorge FRAZÃO BATISTA DOS SANTOS a ionadú, mhol Rialtas na Portaingéile Pedro Alexandre ANTUNES FAUSTINO PIMPÃO DOS SANTOS, *Presidente da Câmara Municipal de Pombal* (Méara Pombal), Rogério Conceição BACALHAU COELHO, *Presidente da Câmara Municipal de Faro* (Méara Faro), Gonçalo Nuno BÉRTOLO GORDALINA LOPES, *Presidente da Câmara Municipal de Leiria* (Méara Leiria), agus Luís Carlos PITEIRA DIAS, *Presidente da Câmara Municipal de Vendas Novas* (Méara Vendas Novas) ar ionadaithe iad ar chomhlachtaí áitiúla agus a bhfuil sainordú toghchánach údaráis áitiúil acu, agus Rogério DE ANDRADE GOUVEIA, *Secretário Regional das Finanças do Governo Regional da Madeira* (Rúnaí Réigiúnach Airgeadais Rialtas Réigiúnach Mhaidéara) ar ionadaí é ar chomhlacht réigiúnach agus a bhfuil sainordú toghchánach údaráis áitiúil aige, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 7617/22 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 7356/22.